



Cúrsa Gearr

ILC: Eolaíocht

Fhóiréinseach a Fhiosrú

Leibhéal 2

Sonraíocht le haghaidh sa tSraith Shóisearach



Clár

Leathanach 3

Gearrchúrsaí agus Cláir Foghlama Leibhéal 2

Leathanach 4

Intreoir don tsraith shóisearach

Leathanach 5

Réasúnaíocht

Leathanach 6

Aidhm

Leathanach 7

Naisc

Leathanach 9

Forbhreathnú ar an gcúrsa

Leathanach 10

Ionchais maidir le scoláirí

- 11 **Snáithe 1:** Obair an Eolaí Fhóiréinsigh
- 12 **Snáithe 2:** Láthair na coire/bailiú na fianaise
- 13 **Snáithe 3:** Tástáil eolaíoch saotharlainne/ an choir a fhuascailt
- 14 **Snáithe 4:** An t-imscrúdú a chur i gcrích agus tátal a bhaint as

Leathanach 15

Measúnú agus teistiúchán

Leathanach 18

Aguisín 1:

Táscairí Leibhéil do Leibhéal 2 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí

Gearrchúrsaí agus Cláir Foghlama Leibhéal 2

Sa tsraith nua shóisearach, ba chóir go mbeadh daltaí a ghlacann an gearrchúrsa seo ag leanúint de Chlár Foghlama Leibhéal 2 (CFL2) pearsantaithe i gcuideachta comhpháirteanna eile curaclaim (ó Leibhéal 2 agus b'fhéidir ceann nó dhó ó Leibhéal 3). Tá na CFL2nna pleanáilte thart ar shraith d'Aonaid Tosaíochta Foghlama a dhíríonn ar scileanna pearsanta, sóisialta agus praiticiúla scoláirí a fhorbairt. I dteannta na nAonad Tosaíochta Foghlama, is féidir le scoláirí staidéar a dhéanamh ar ghearrchúrsaí a bhfuil a dtorthaí foghlama ailínithe le táscairí leibhéil do Leibhéal 2 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (Aguisín 1). Is sampla é *ILC: Ag Fiosrú Eolaíocht Fhóiréinseach* de ghearrchúrsa Leibhéal 2 atá forbartha ag an CNCM.

Is é an spriocghrúpa ar forbraíodh CFL2nna agus Gearrchúrsaí Leibhéal 2 dóibh de ghnáth scoláirí a bhfuil riachtanais thábhachtacha foghlama acu. De thoradh measúnú foirmiúil ag síceolaí oideachais beidh na scoláirí seo curtha sna catagóirí míchumas foghlama íseal éadrom go hard meánach agus beidh plean pearsantaithe foghlama acu ón am a raibh siad sa bhunscoil.

Sa chomhthéacs sin, tá na CFL2nna agus na gearrchúrsaí deartha do scoláirí a bhainfeadh tairbhe as deiseanna chun foghlaim agus scileanna a fheabhsú i réimsí amhail bunlitearthacht agus uimhearthacht, teanga agus cumarsáid, scileanna soghluaisteachta agus fóillíochta, comhordú luaile agus forbairt shóisialta agus phearsanta. Tugann na CFL2nna an seans do scoláirí freisin feabhas a chur leis an bhfad ama ar féidir leo díriú ar ghníomhaíochtaí, chomh maith lena gcumas chun eolas agus scileanna a ghinearálú agus a aistriú trasna ócáidí éagsúla agus chun eolas a phróiseáil ó níos mó ná cainéal céadfach amháin

Intreoir don tsraith shóisearach

Suíonn oideachas na sraithe sóisearaí scoláirí i gceartlár an eispéiris oideachasúil, ag cur ar a gcumas páirt ghníomhach a ghlacadh ina gcomhphobail agus sa tsochaí, agus bheith ina bhfoghlaimeoirí seiftiúla muiníneacha i ngach gné agus ag gach céim dá saol. Cuimsíonn an tsraith shóisearach gach scoláire agus cuireann sí le cothromaíocht deiseanna, rannpháirtíocht agus torthaí don uile dhuine.

Ligeann an tSraith Shóisearach do scoláirí ceangal láidir a dhéanamh leis an bhfoghlaím trí dhírú ar cháilíocht na foghlama a thiteann amach agus trí eispéiris a thairiscint atá spreagúil agus taitneamhach dóibh, agus bainteach lena saol. Tá ardcháilíocht ag roinnt leis na heispéiris seo, cuireann siad le leas fisiceach, meabhrach, agus sóisialta na scoláirí, agus nuair is féidir, tugann siad deiseanna dóibh a gcumais agus a dtallanna a fhorbairt i réimsí na cruthaitheachta agus na fiontraíochta. Tógann clár sraith shóisearach an scoláire ar an bhfoghlaím a rinne siad ar an mbunscoil. Tacaíonn sé le breis dhul chun cinn ina gcuid foghlama. Cabhraíonn sé le scoláirí na scileanna foghlama a fhorbairt a bheidh ina gcúnamh acu agus iad ag tabhairt faoi dhúshlán an tsaoil tar éis na scoile.

Réasúnaíocht

Sonraíocht le haghaidh
sa tSraith Shóisearach

**ILC: Eolaíocht
Fhóirínseach a
Fhiosrú
Leibhéal 2**

Dearadh an gearrchúrsa seo chun scileanna próiseála eolaíochta an scoláire ag bunleibhéal a fhorbairt – breathnú, ag déanamh cumarsáide, ainmniú, lipéadú, seicheamhú, rangú agus tomhas, chomh maith le nósanna imeachta a leanúint agus fadhbanna a réiteach. Forbraítear na scileanna seo trí roinnt gníomhaíochtaí idirghníomhacha, spráúla rólimeartha agus trí thurgnaimh eolaíochta ar bhonn fiosraithe i gcomhthéacs coir mhistéire a fhuascailt. Foghlaimíonn an scoláire chun bheith ag obair mar bhall d’fhoireann, treoir a ghlacadh ó dhaoine eile agus ról a ghlacadh orthu féin le freagrachtaí a oireann dá gcumas. Beidh an téarma ‘CSI’ (ILC) cloiste ag go leor de na scoláirí agus b’fhéidir go mbeadh buntuisicint acu ar shaol na heolaíochta fóiréinsí ón méid atá foghlamtha acu tríd an gclár teilifíse nó trí scannáin. Bíodh sé sin ina phointe tagartha chun tús a chur leis an ábhar. Beidh daoine eile ann a ghlac páirt i dturgnaimh ábhartha tríd an tionscadal bunscolaíochta *Fiosraigh Eolaíocht Bhunscoile* le linn a mblianta sa bhunscoil agus tabharfaidh siadsan an taithí sin chuig an gcúrsa.

Beidh gníomhaíochtaí ann, chun bheith ag foghlaim faoi mhodhanna agus faoi ghléasanna imscrúdú coire, fianaise a bhailiú ag láthair na coire agus staidéar a dhéanamh uirthi, a chabhróidh le cumas an scoláire chun smaointeoireacht loighciúil a úsáid i suíomhanna difriúla agus chun réití a fháil ar fhadhbanna. Is scileanna tábhachtacha saoil atá le foghlaim bheith ábalta smaoinemh go criticiúil agus obair go comhoibríoch. Forbraítear scileanna eile le haghaidh an tsaoil amach anseo trí naisc leis an bpobal, tionscadail chruthaitheacha, uimhearthacht, cumarsáid agus litearthacht.

Aidhm

Is í an aidhm atá leis an ngearrchúrsa seo forbairt bunscileanna próiseála eolaíochta agus príomhscileanna eile don saol agus don fhoghlaim a éascú amhail obair i gcomhar, pleanáil sheicheamhach agus smaointeoireacht loighciúil. Na scileanna a fhaightear trí dhíriú ar an eolaíocht bhunúsach is scileanna iad is féidir leis an scoláire a úsáid ina lán réimsí dá s(h)aol amach anseo.

Naisc

Léiríonn na táblaí ar na leathanaigh a leanann conas is féidir *ILC: Ag Fiosrú Eolaíocht Fhóiréinseach* a nascadh le gnéithe lárnacha foghlama agus teagaisc sa tsraith shóisearach.

Ráitis Foghlama (RF)

Ráiteas

Samplaí d'fhoghlaim ábhartha sa chúrsa

Déanann an scoláire cumarsáid go héifeachtach ar bhealaí éagsúla i réimse comhthéacsanna sa T1

/TCE

RF 1

I ngach snáithe iarrtar ar an scoláire foirmeacha simplí a chomhlánú agus treoracha briathartha agus/nó neamhbhriathartha chomh maith le treoracha scríofa agus/nó pictiúrtha a leanúint chun tascanna a chomhlíonadh. Saináithnítear agus déantar cur síos ar nithe agus bailítear iad mar fhianaise. Tá sé tábhachtach i Snáithe 3 eolas a fháil agus achoimre a dhéanamh air chomh maith le tatal a bhaint as. I rith an chúrsa spreagtar scoláirí chun cumarsáid a dhéanamh mar bhall de ghrúpa. I Snáithe 4 tá deis láithreoireachta ann i suíomh rólimeartha amhail triail nó clár nuachta TF/raidió.

Déanann an scoláire breathnú agus measúnú ar eachtraí agus próisis eimpíreacha agus tarraingíonn tatal agus cinní astu

SOL 18

Ina aonar agus/nó i bpáirt le daoine eile téann an scoláire i gceann fianaise eolaíoch a bhailiú agus a chur i láthair, ag tomhas agus ag meá chomh maith le bheith ag cainníochtú agus ag seiceamhú trasna na snáitheanna uile. Bailítear fianaise freisin chun teacht ar chonclúidí bailí.

Úsáideann an scoláire an teicneolaíocht agus uirlisí na meán digiteacha chun foghlaim, chun cumarsáid a dhéanamh, chun obair agus chun smaoineamh go comhoibríoch agus go cruthaitheach ar bhealach freagrach agus eiticíúil

RF 24

Úsáideann an scoláire teicneolaíocht dhigiteach ag an leibhéal cuí chun: eolas a lorg; fianaise a thairfead (fianaise fhótagrafach i Snáitheanna 1 agus 2); clár scéalta a dhéanamh (Snáithe 3) agus b'fhéidir láithreoireacht dhigiteach a dhearadh nó cuidiú lena dearadh. (Snáithe 4).

Aonaid Tosaíochta Foghlama (ATFna)

Is iad na ATFna na comhpháirteanna lárnacha i gCláir Foghlama Leibhéal 2. Tá roinnt eilimintí i ngach ATF a shoiléiríonn an t-eolas, na scileanna agus na dearcthaí a bhíonn i gceist. Leagtar amach na ATFna, na heilimintí agus a gcuid torthaí foghlama ábhartha in *Cláir Foghlama Leibhéal 2: Treoirí do Mhúinteoirí*. Meastar na ATFna agus na heilimintí atá sainithe thíos bheith lárnach sa ghearrchúrsa seo

Aonad Tosaíochta Foghlama	Eilimint ATF	Gníomhaíochtaí Foghlama Scoláire
Cumarsáid agus Litearthacht	Ag caint/ag comharthú mar is cuí ar son cuspóirí éagsúla agus aireachas mar éisteoir a léiriú	I Snáithe 3, b'fhéidir go ndéanfadh an scoláire rólímirt mar bhleachtaire ILC ag cur agallaimh ar scoláirí eile mar amhrastaigh nó mar fhinnéithe, chun eolas a fháil. I rith an chúrsa léann agus/nó éisteann sé chun eolas a fháil. Is féidir leis an scoláire freisin i Snáithe 4 torthaí a chur i láthair lucht féachana faoi fhormáidí éagsúla.
Uimhearthacht	Feasacht ar mheáchan agus ar thuilleadh a fhorbairt	I Snáithe 2, tá roinnt turgnamh ann a éilíonn ar an scoláire meá, crúiscíní tomhais agus sorcóirí grádaithe a úsáid, agus dá réir sin tuiscint a fháil ar mhais/mheá agus ar thuilleadh.
Cúram Pearsanta	Fios bheith agat conas fanacht sábháilte	I Snáithe 2 aithníonn an scoláire guaiseacha sábhála a thiocthadh tarlú i saotharlann agus na réamhchúraimí atá le glacadh chun a leithéid de ghuaiseacha a sheachaint.
Ag Maireachtáil i bPobal	Dea-chaidrimh a fhorbairt	Is tábhachtach san eolaíocht ról a ghlacadh ort féin taobh istigh d'fhoireann. Sna snáitheanna uile, foghlaimíonn an scoláire chun cumarsáid a dhéanamh mar is cuí le daoine difriúla, is cuma cé acu piaraí, múinteoirí, daoine ón bpobal nó aoichainteoirí, agus chun páirt chomhoibríoch a ghlacadh i suíomhanna grúpa.
Ag Ullmhú don Obair	Bheith ábalta spriocanna a shocrú don fhoghlaim	Tá spriocanna éagsúla ag an scoláire le bheith ag obair ina dtreo m.sh. turgnamh a chríochnú agus substaint a aithint i Snáithe 1. I rith an chúrsa, foghlaimíonn an scoláire an tábhacht atá le tascanna a sheicheadh chun sprioc a bhaint amach agus breathnú orthu arís is arís agus obair a dhéanamh orthu thar thréimhse ama.

Forbhreathnú ar an gcúrsa

Is iad na snáitheanna sa ghearrchúrsa seo

Snáithe 1: Obair an eolaí fhóiréinsigh

Snáithe 2: SLáthair na coire / bailiú na fianaise

Snáithe 3: Tástáil eolaíoch saotharlainne / an choir a fhuascailt

Snáithe 4: An t-imscrúdú a chur i gcrích agus tátal a bhaint as

Ba chóir na snáitheanna a leanúint san ord ina gcuirtear i láthair iad thuas.

Dearadh an cúrsa le haghaidh tuairim is 100 uair de rannpháirtíocht scoláire.

Tá torthaí foghlama an chúrsa ailínithe le Táscairí Leibhéil do Leibhéal 2 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (Aguisín 1).

Tabhair do d'aire go léiríonn nádúr agus líon na dtorthaí foghlama sa chúrsa an cur chuige ina ndéantar struchtúrú agus scafláil ar an bhfoghlaim don spriocghrúpa scoláirí ar leith atá ag obair ar Chláir Foghlama Leibhéal 2.

Ag tosú amach

Sula dtosóidh an scoláire, caitear roinnt ama ag cur an chúrsa i láthair agus á phlé chun a oibriú amach conas a thagann sé le clár foghlama pearsantaithe an scoláire agus a chuireann sé leis. Is féidir eolas a fuarthas roimh ré agus sainréimsí spéise a shocrú. Agus na heilimintí ATF á n-úsáid mar phointí tagartha, pléitear láidreachtaí an scoláire agus na réimsí atá le feabhsú chun spriocanna forbairt phearsanta agus foghlama a shocrú. Ba ghá go leor ama a chur san áireamh chun scileanna breathnaithe agus infheiriú ó fhianaise a fhorbairt, sula dtéitear ar aghaidh chuig láthair choire bhréige. Is féidir gur gá eochairfhocail agus coincheapa a theagasc astu féin.

Ionchais maidir le scoláirí

Agus an tsonraíocht á foilsiú ar líne, bainfear úsáid as samplaí d'obair scoláirí chun na hionchais maidir le scoláirí a léiriú sa ghearrchúrsa. Beidh baint dhíreach ag na samplaí anótáilte seo le toradh foghlama nó le grúpaí de thorthaí foghlama.

I gcás gearrchúrsaí i réimsí nua foghlama, amhail *ILC: Ag Fiosrú Eolaíocht Fhóiréinseach*, cruthófar roinnt samplaí taispeántacha d'obair scoláirí chun múinteoirí agus scoláirí a threorú le linn bhlianta tosaigh an chúrsa.

Snáithe 1: Obair an Eolaí Fhóiréinsigh

Torthaí foghlama

Foghlaimíonn scoláirí Ba chóir go mbeadh scoláirí ábalta... maidir le...

Téarmaíocht agus próisis na heolaíochta fóiréinsí	<ol style="list-style-type: none"> 1.1. na téarmaí láthair choire, fianaise, amhrastach, eolaí, bleachtair, truailleú (milleadh) agus téarmaí bainteacha eile a úsáid 1.2. tuairimí agus infheiriú a dhéanamh faoi ghrianghraf láthair choire (cad atá ar iarraidh, briste, as áit?) 1.3. na daoine a aithint atá bainte le láthair choire a phróiseáil 1.4. na céimeanna atá i gceist le láthair choire a phróiseáil a chur i seicheamh
Na cineálacha éagsúla fianaise fhisiceach is féidir a fháil ag láthair choire	<ol style="list-style-type: none"> 1.5. foinsí féideartha fianaise fhisiceach a aithint ó liosta: méarloirg, ribeacha agus snáithíní, fianaise rianta amhail rianta rotha, loirg coise agus marcanna fiacla 1.6. á rá conas a fhágann duine fianaise ina dhiaidh ag láthair, m.sh. teagmháil, rianta, fórsa 1.7. tuiscint a léiriú ar na teicnící éagsúla chun fianaise a bhailiú m.sh. teicnící méarloirg a úsáid ar phiaraí, patrúin méarlorg a aithint, a méarloirg féin a bhreathnú agus a rangú faoi stua, lúb nó dual/rinse (whorl)
Turgnaimh ¹ Fhóiréinseacha Foghlaim chun uirlisí agus modhanna imscrúdaitheoir láthair choire a úsáid	<ol style="list-style-type: none"> 1.8. ábhair ata de dhíth don turgnamh a liostú 1.9. ábhair don tasc a eagrú 1.10. teoracha briathartha, scríofa nó pictiúrtha a leanúint ina bhfuil roinnt bheag céimeanna 1.11. obair a dhéanamh go comhoibríoch le daoine eile 1.12. substaintí a aithint trí thurgnaimh bhunúsacha, ag úsáid eochrach a thugtar 1.13. micreascóp a úsáid, nuair a bhíonn se ar fáil, chun comparáidí bunúsacha a dhéanamh idir samplaí 1.14. torthaí a thairfead trí labhairt/chomharthaíocht láimhe nó scríbhneoireacht
Ag obair go sábháilte agus go cruinn le trealamh eolaíochta	<ol style="list-style-type: none"> 1.15. identify safety hazards that may occur in a lab and the precautions to take to avoid such hazards 1.16. list ways in which a crime scene may be contaminated 1.17. use a measuring jug and a graduated cylinder to measure a specific volume of liquid 1.18. use weighing scales/balance to get a specific mass of a dry powder

Snáithe 2: Láthair na coire/bailiú na fianaise

Torthaí foghlama

Foghlaimíonn scoláirí maidir le...

Ba chóir go mbeadh scoláirí ábalta...

Fianaise a aimsiú

- 2.1. foinsí fianaise ag láithreacha coire a aithint
- 2.2. céimeanna a chur i seicheamh chun fianaise a thaifead ag láithreacha coire (ar dtús, ansin, agus ina dhiaidh sin...)
- 2.3. tuairimí a thabhairt ag láthair choire bhréige agus a oibriú amach cad a thabharfadh fianaise
- 2.4. a aithint, ó liosta scríofa nó pictiúrtha, cé na tástálacha saotharlainne is féidir a dhéanamh ar an bhfianaise fhisiceach ag an láthair

Fianaise a phróiseáil agus a bhailiú mar is ceart

- 2.5. sraith de threoracha labhartha/comharthaithe de lámh nó pictiúrtha a leanúint faoi mhaoirseacht
- 2.6. le cabhair, fianaise a bhailiú amhail snáithíní fabraice agus méarloig, loirg coise nár truaillíodh
- 2.7. rudaí atá bainte lena chéile a mheas agus a thomhas
- 2.8. torthaí a thaifead (scríbhneoireacht/líníocht/TFC a úsáid /bileoga oibre difreáilte)
- 2.9. bunfheidhmeanna ar cheamara digiteach a úsáid, lena n-áireofaí grianghraif a uaslódáil chuig ríomhaire

Snáithe 3: Tástáil eolaíoch saotharlainne/ an choir a fhuascailt

Torthaí foghlama

Foghlaimíonn scoláirí maidir le...

Ba chóir go mbeadh scoláirí ábalta...

Fianaise a bhailiú ó amhrastaigh

- 3.1. éisteacht chun teacht ar eolas
- 3.2. dea-chleachtas a léiriú le linn fianaise a bhailiú, ag roghnú agus ag úsáid uirlisí tomhais cuí
- 3.3. le leideanna, cinntí a dhéanamh faoin eolas a bheadh úsáideach ó agallamh le finné
- 3.4. na príomhcheisteanna atá le freagairt a aithint chun choir a fhuascailt m.sh. Cé a bhí anseo go deireanach? Cé a scríobh an nóta seo?

A ngníomhaíochtaí saotharlainne sa chúrsa roimhe seo a úsáid chun choir a fhuascailt

- 3.5. tástálacha eile saotharlainne a athdhéanamh/dhéanamh i dteannta a ndearnadh i Snáithe 1 chun comparáid a dhéanamh
- 3.6. tuiscint ar chúis agus éifeacht a léiriú

Teoiric/tuacad nó cuspóir/scéal a fhorbairt a bhaineann leis an láthair choire atáthar a imscrúdú

- 3.7. patrúin agus rangúcháin shimplí a aithint a thagann chun cinn de bharr fiosrúcháin ar an bhfianaise a bailíodh
- 3.8. a mhíniú cén bunús atá le grúpaí bheith ag úsáid difríochtaí ábhar (ábhair dhifriúla)
- 3.9. tuartha buntúsacha a dhéanamh faoi amhrastach féideartha bunaithe ar rudaí a chonacthas, bailiú faisnéise agus leideanna, nó fianaise is féidir leo a thomhas ag úsáid trealamh bunúsach
- 3.10. clár scéalta/amlíne neamhchasta a chruthú a léiríonn a dtuairim ar cad a tharla

Snáithe 4: An t-imscrúdú a chur i gcrích agus tátal a bhaint as

Torthaí foghlama

Foghlaimíonn scoláirí maidir le...

Ba chóir go mbeadh scoláirí ábalta...

Ag ullmhú chun fianaise a chur i láthair

- 4.1. na céimeanna a theastaíonn chun an tasc a chríochnú a aithint
- 4.2. na céimeanna a chur i seiceamh nó in ord loighciúil
- 4.3. amlíne a chruthú a rianaíonn na modhanna a leanadh
- 4.4. léiriú amhairc a chruthú den láthair choire
- 4.5. bheith páirteach i gconclúid a phleanáil ar imscrúdú láthair na coire a nochtfaidh fuascailt na coire

An fhianaise a chur i láthair mar bhall den fhoireann fhóirínseach

- 4.6. láithreoireacht aonair a dhéanamh (nó cuidiú le ceann foirne) den fhianaise sa ghníomhaíocht chlabhsúir m.sh. tuairisc scríofa agus/nó láithreoireacht ó bhéal agus/nó láithreoireacht dhigiteach os comhair piaraí nó aíonna
- 4.7. tuairimí pearsanta, fíricí agus mothúcháin a chur in iúl go hiomchuí, m.sh. tuairim a thabhairt ar an bhfianaise do phiaraí, páirt a ghlacadh in agallamh foirmiúil le 'hamhrastaigh'

Measúnú

- 4.8. a chur in iúl cén ghné is fearr a d'oibrigh i dtéarmaí na dturgnamh a rinneadh agus na modhanna imscrúdaithe a leanadh
- 4.9. eolas agus scileanna a forbraíodh a aithint i dteannta cinn eile is mian leo a fheabhsú
- 4.10. foghlaim a nascadh le réimsí eile den churaclam agus dá saol

Measúnú agus teistiúchán

Measúnú leanúnach

Taobhaíonn an gearrchúrsa seo le réimse leathan cuir chuige i leith an mheasúnaithe. Tá roinnt torthaí foghlama ann atá fóirsteanach do mheasúnú aon uaire, i dtaca le cinn eile is measúnú ar bhonn leanúnach is fóirsteanaí dóibh agus scoláirí ag dul i ngleic le gníomhaíochtaí difriúla foghlama mar shampla: ag pleanáil, ag eagrú, ag seicheamhú, ag plé, ag míniú, ag tuar, ag imscrúdú, ag déanamh turgnamh agus ag baint tátail as rudaí. Cuirtear an bhéim ar mheasúnú leanúnach agus ar athdhéanamh tascanna chun dul chun cinn a thaispeáint, de bharr na deacrachta a bhíonn ag roinnt scoláirí maidir le heolas a choinneáil.

Tugann ILC: *Ag Fiosrú Eolaíocht Fhóiréinseach* méid áirithe roghanna do scoláirí sa mhéid a chuirfidh siad i láthair don mheasúnú agus sa leagan amach a bheidh air. Tugann sé deiseanna freisin do scoláirí spriocanna a shocrú, spriocdhátaí a bhaint amach agus roinnt freagrachta a ghlacadh as fianaise ar fhoghlaim a bhailiú don phunann foghlama a dhéanann siad mar chuid dá gClár Foghlama Leibhéal 2 (CFL2).

Is cabhair don scoláire é an measúnú leanúnach sa turas foghlama agus san ullmhúchán a dhéanann siad don mheasúnú a bhaineann le teistiúchán ar an ngearrchúrsa. Tá an rogha ag an scoil iarraidh ar an scoláire cóip chrua nó cóip leictreonach a dhéanamh den phunann do na CFL2nna. Tugann an phunann fianaise ar fhorbairt agus ar dhul chun cinn i rith an chúrsa agus úsáidtear í le haghaidh cuspóirí measúnú múnlaiteach agus suimitheach araon. Is féidir go gcuirfí san áireamh mar fhianaise ar fhoghlaim físeáin den scoláire ag comhlíonadh tascanna, é á chur faoi agallamh nó ag déanamh láithreoireachtaí. Is féidir freisin cineálacha eile fianaise ar fhoghlaim a chur san áireamh cuir i gcás, *bileoga oibre, tuairiscí, cairteacha, líníochtaí, mapaí intinne, seicliostaí ar dhea-chleachtas, bileoga féinmheasúnú scoláire, siurnail/dialanna foghlama nó grianghraif*. Is féidir chomh maith déantúsán a dhéanamh m.sh. trealamh bleachtair.

Measúnú don Teistiúchán

Beidh measúnú don teistiúchán scoilbhunaithe. Tá dhá thasc mheasúnaithe i gceist: **Tasc chun Láthair Choire Bhréige a Fhiosrú** agus **Tasc Turgnamh Eolaíochta**. Tá an t-ualú céanna ag dul leo agus ní mór do scoláirí grád **Gnóthaithe** a fháil ar gach ceann de na tascanna measúnaithe le haghaidh teistiúcháin. Déanfar na tascanna measúnaithe i dtreo dheireadh an chúrsa, mar go gclúdaíonn na tascanna atá i gceist na snáitheanna go léir agus líon mór de thorthaí foghlama an chúrsa. Ní chuirtear san áireamh obair ón gcéad bhliain mar chuid den mheasúnú don teistiúchán.

Tasc chun Láthair Choire Bhréige a Fhiosrú

Is féidir an tasc seo a dhéanamh tar éis Snáithe 3 a chríochnú. Cuirtear láthair choire bhréige i láthair an scoláire (go fisiceach/ó bhéal/trí chomharthaíocht láimhe/ó amharc/i bhformáid scríofa). Éistean/léann/breathnaíonn an scoláire go haireach agus aithníonn ceann amháin nó níos mó de fhíosaí fianaise fhisiceach a d'fhéadfaí a thástáil chun cabhrú leis an gcoir a fhuascailt. Is féidir liosta amhrastach a tharraingt aníos bunaithe ar fhianaise sa láthair choire bhréige agus iad a

chur faoi agallamh. Éilíonn an tasc ar an scoláire na huirlisí tomhais agus /nó an teicneolaíocht is ioriúnaí a roghnú chun taifead agus caomhnú a dhéanamh ar an bhfianaise ó láthair na coire. Roghnaítear cleachtais eolaíochta iomchuí chun scrúdú a dhéanamh ar fhoinsé fianaise amháin. Pléann nó déanann an scoláire plan bunúsach, nó úsáideann siad pictiúir chun na céimeanna is gá a ghlacadh a léiriú, chun an fhoinsé fianaise seo a scrúdú.

Tasc Turgnamh Eolaíochta

Déantar an turgnamh fóirínseach a roghnaíodh sa tasc chun Láthair Choire Bhréige a Fhiosrú ar an bhfianaise a roghnaíodh. Ba chóir an trealamh a theastaíonn don turgnamh a ainmniú/aimsiú. Ba chóir go léireodh an scoláire feasacht ar ghuaiseacha sábhála agus ar an ngá chun gnásanna sábháilte a leanúint nuair a bhíonn duine ag obair i saotharlann. Déanfaidh roinnt scoláirí an turgnamh, is féidir go dtreoródh cinn eile duine éigin eile, agus treoracha á gcur in iúl ó bhéal má choisceann míchumas an scoláire ón tasc a dhéanamh iad féin. Rogha eile is ea an scoláire an t-eolas a chur in iúl trí roghnú agus seicheamhú ceart pictiúr a léiríonn na huirlisí/céimeanna a bhaineann leis an turgnamh eolaíochta.

Réasúnaíocht do na tascanna measúnaithe

Sa chúrsa seo, forbraíonn scoláirí a stór eolais agus scileanna sóisialta, pearsanta agus praiticiúla agus iad ag tabhairt faoi na torthaí foghlama trasna na gceithre snáitheanna. Tá na tascanna measúnaithe ceaptha chun a chur ar chumas an scoláire an t-eolas agus na scileanna atá foghlamtha acu a léiriú. Chomh maith leis na torthaí foghlama do na snáitheanna, tarraingíonn na tascanna measúnaithe ar an litearthacht, an uimhearthacht agus na scileanna eile atá leagtha amach sna hAonaid Tosaíochta Foghlama (ATFna).

Déantar measúnú go háirithe sna tascanna measúnaithe don chúrsa seo ar thorthaí foghlama a bhaineann le forbairt scileanna bunúsacha iniúchadh eolaíochta – grinnbhreathnú, seicheamhú ceart tascanna agus scileanna cumarsáide. Ba chóir go léireodh na tascanna críochnaithe foghlaim thábhachtach phearsanta don scoláire.

Braithfidh na torthaí foghlama a ndéantar measúnú orthu tríd an tasc chun **Láthair Choire Bhréige a Fhiosrú**, go pointe áirithe, ar nádúr láthair na coire bhréige a chuirtear os comhair an scoláire. D'fhéadfadh na cinn seo bheith san áireamh:

Snáithe 1	Snáithe 2	Snáithe 3	Snáithe 4
1.1, 1.2, 1.3, 1.4, 1.5, 1.6, 1.7, 1.10, 1.11, 1.14, 1.16	2.1, 2.2, 2.3, 2.4, 2.5, 2.6, 2.7, 2.8, 2.9	3.1, 3.2, 3.3, 3.4, 3.6, 3.7, 3.8, 3.9, 3.10	4.1, 4.2, 4.3

Is iad na príomhthorthaí foghlama atá le meas tríd an tasc **Turgnamh Eolaíochta**:

Snáithe 1	Snáithe 2	Snáithe 3	Snáithe 4
1.1, 1.8, 1.9, 1.10, 1.11, 1.12, 1.13, 1.14, 1.15, 1.17, 1.18	2.4, 2.5, 2.6, 2.7, 2.8, 2.9	3.1, 3.2, 3.4, 3.5, 3.6, 3.7, 3.8, 3.9, 3.10	4.1, 4.2, 4.3, 4.4, 4.5, 4.6, 4.7, 4.8, 4.9, 4.10

Gnéithe Cáilíochta

Leagtar amach thíos gnéithe cáilíochta a bhaineann le hobair scoláirí ar an dá thasc. Is féidir le múinteoirí agus le scoláirí iad seo a úsáid, i dtéarmaí ginearálta, chun tacú lena bplé faoi agus lena mbreithiúnas ar an obair a rinneadh ar na tascanna measúnaithe. Le bheith níos sonraíche, is iad na gnéithe cáilíochta na critéir a úsáidfidh múinteoirí chun obair an scoláire a mheas. Beidh an grádú ar bhonn **Gnóthaithe** nó **Le Gnóthú Fós**. Is gá gach gné cáilíochta a chríochnú go rathúil chun go mbronnfaí an grádú **Gnóthaithe** ar an scoláire

Tasc chun Láthair Choire Bhréige a Fhiosrú

Gnóthaithe

- Léirítear an seicheamh céimeanna a bhaineann le fianaise ó láthair choire a bhreathnú, a bhailiú, a thaifead agus a chaomhnú
- Úsáidtear trealamh cuí chun an fhianaise a bhailiú
- Ainmnítear cleachtais chuí chun scrúdú a dhéanamh ar phíosa amháin fianaise a bailíodh
- Cuirtear faisnéis in iúl trí roinnt eochairthéarmaí ábhartha agus foclóir oiriúnach a úsáid

Tasc Turgnamh Eolaíochta

Gnóthaithe

- Léiríonn an obair buntuisctint ar an gcaoi chun turgnamh fóirínseach a dhéanamh ar phíosa fianaise fhisiceach
- Úsáidtear modhanna oiriúnacha chun anailís a dhéanamh ar fhianaise fhisiceach
- Is léir go dtuigtear conas an turgnamh a roghnaíodh a dhéanamh
- Léirítear feasacht ar an tábhacht atá le gnásanna sábháilteachta, más cuí
- Bunaithe ar thorthaí an turgnaimh, baintear tátail as chun an choir a fhuascailt
- Úsáidtear eochairfhocail oiriúnacha chun faisnéis a chur in iúl
- Tá roinnt fianaise ann ar phleanáil sheicheamhach
- Déantar tuartha buntúsacha agus/nó tuairimí agus/nó freagairtí mothúchána i leith na hoibre (gnéithe a bhí taitneamhach/ pas beag deacair/a dhéanfaí go difriúil in athuair).

Aguisín 1:

Táscairí Leibhéal do Leibhéal 2 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí

Forbraíodh an gearrchúrsa seo chun teacht leis na Táscairí Leibhéal do Leibhéal 2 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí. De ghnáth, is bunfhoghlaim faoi threoir agus le tacaíocht a bhíonn i gceist le teistiúchán agus gradaim Leibhéal 2. Tá an raon cúng. Tá an fhoghlaim ar bhonn forbraíochta ach is féidir go gclúdódh sí eolas, scil agus inniúlacht a bhaineann le réimsí áirithe foghlama m.sh. gnéithe litearthachta agus uimhearthachta

Leibhéal CNC	2
Eolas <i>Fairsinge</i>	Eolas atá caol ina raon
Eolas <i>Cineál</i>	Coincréiteach ó thaobh tagartha agus bunúsach ó thaobh tuisceana de
Eolas agus fios gnó <i>Raon</i>	Réimse bunúsach de bhunscileanna praiticiúla a léiriú, lena n-áirítear úsáid uirlisí ábhartha
Scil agus fios gnó <i>Roghnaíocht</i>	Sraith de thascanna a dhéanamh ach treoir shoiléir a fháil
Inniúlacht <i>Comhthéacs</i>	Gníomhú laistigh de réimse teoranta comhthéacsanna intuartha agus struchtúrtha
Inniúlacht <i>Ról</i>	Gníomhú i róil éagsúla faoi threoir
Inniúlacht <i>Foghlaim conas</i> <i>Foghlaim</i>	Foghlaim conas foghlaim ar dhóigh rialaithe i dtimpeallacht atá dea-struchtúrtha agus maoirsithe
Inniúlacht <i>Léirstean</i>	Feasacht a léiriú ar ról neamhspleách dó/di féin



AN ROINN
OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA
DEPARTMENT OF
EDUCATION AND SKILLS